

Ar an Satharn 16 Meán Fómhair, fágfaidh rothaithe An Spidéal ag 9.00 ar maidin le taisteal go Ráth Cairn. Tá an turas seo á dhéanamh ag muintir Ráth Cairn agus a gcairde mar chomórachd 60 bliain ar bhunú Ghaeltacht Ráth Cairn.

AN TURAS ANIAR

Bunaíodh **Gaeltacht Ráth Cairn** i 1935 nuair a tháinig 11 clann as Conamara. Is de bharr cuid mhaith stocaireachta agus brú polaitiúil atá Gaeltacht Ráth Cairn ann. Mar chuid den fheachtas bhí mórthuras rothaíochta ón Spidéal go Baile Átha Cliath i 1934. D'fhág 40 de mhuintir Chonamara ar rothair chun toscaireacht a chur os comhair na bpolaiteoirí i nDáil Éireann.

Is mar seo a dhéanann **Éamon Ó Cíosáin** cur síos ar an turas úd ina leabhar **An t-Éireannach**:

"Ar Aoine Chéasta 1934, bhailigh **Séan Ó Coistealbha** a chuid fear go deireanach sa lá, agus thugadar a n-aghaidh soir. Rinneadh an méid sin ar bhéagán fógra ionas nach mbeadh eolas roimh ré ag na Gardaí le stop a chur leis an ngluaiseacht i nGaillimh... Rothaíodar leo san oíche fhuar agus na réaltaí ag soilsiú go geal os a gcionn. Shroicheadar **Baile Átha Cliath** an mhaidin dár gcionn, agus fáiltíodh rompu i **gCearnóg Pharnell**. Bhí béilí ann, agus pluideanna a bhí fáighe ar iasacht ag **[Séan] Beaumont** ó bheairic de chuid airm an tSaorstáit! Chuaigh toscaireacht ó na fir isteach go **Teach Laighean** chuig **De Valera**."

De réir insint **Éamon** rinne na Gardaí iarracht stop a chur leis an turas ar an mbealach siar. Níl muid ag súil le haon deacracht den chineál sin ar thuras an chomórachd.


Turas agóide a bhí i dturas rothar 1934. Bhí go leor agóide agus troda ag teastáil le go bhfaigheadh muintir **Ráth Cairn** aitheantas agus cothrom na Féinne. Cuireann **Turas Aniar 1995** in iúl go bhfuil **Ráth Cairn** fós ag troid ar son a cearta.

Mar chuid den chomórachd nochtfar cuimhneachán i gcuimhne na bhfear a rinne an turas stairiúil 1934

Má tá rothar agat agus fonn ort páirt a ghlacadh sa chomórachd agus sa spraoi,

beidh fáilte romhat teacht linn cuid den bhealach ón **Spidéal** go **Gaillimh**, ag fágáil an **Spidéal** ag 9.00 ar maidin Dé Sathairn 16 Meán Fómhair.

Beidh fáilte speisialta dhá chur roimh mhuintir **Ráth Cairn**, a bheas tagaithe anoir don turas, in **Óstán an Dóilín**, **An Cheathrú Rua** an oíche roimhré, ar an Aoine 15 Meán Fómhair. Beidh **An Scadán Rua** agus **Bréag** ag cur neart ceoil bríomhar ar fáil.



Fir Mhuintir na Gaeltachta ag dul isteach in Áras Chonradh na Gaeilge tar éis dóibh rothaíocht go Baile Átha Cliath ón Spidéal i 1934.

Óstán an Imperial

• GAILLIMH •

Beár, Bia agus Lóistín

Go n-éirí le Féile an Phléaraca!

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaraca

SEÁN Ó DUBHDA
Tógálaí Tí

MÁIRÍN BN UÍ DHUBHDA
Múinteoir Ceoil
Pianó agus Úirlisí eile
Amhránaíocht

Cárna. Fón/Fax: 095-32247



Johnny Mháirtín Learaí agus Ned Ó Fatharta ag comhrá cois counter i Ffostrasol na Breataine Bige.

Cuairt ar fhéile cheoil Cnapan i bhFfostrasol na Breataine Bige

le Johnny Mháirtín Learaí

Fearacht Raiftearaí nár lig an tairsint ar cairde nuair a fuair sé an cuireadh go Baile Uí Laoi, nuair a d'iarr Pléaraca ormsa an mbeadh suim agam a theacht leo go Ffostrasol na Breataine Bige, thoiligh mé ar a dhul. Bhí an-cháil cloiste agam ón dream a bhí thall anuraidh ar an bhféile Cnapan agus chomh maith le sin ba bhreá liom an tír a fheiceáil don chéad uair.

Caithfidh mé a rá go raibh beagán drogaill orm roimh an turas farraige a thógfadh trí huair go leith ach ba é deireadh an scéil é nár airigh muid an t-am ag imeacht go raibh muid in amharc Holyhead. Arnó ní raibh an bád an doimhin i bhfarraige ar chor ar bith nuair a chuaigh muid i mbun ceoil thuas ar 'deic' agus nuair a ruaig an

bháisteach as sin muid thug muid ár naghaidh ar an mbéar, áit ar leanadh leis an amhránaíocht. Ba é an turas ar an mbus ó Holyhead go Ffostrasol a thóg sé huair, an chuid ba thuirsíúla den aistir agus bhí sé thart ar a naoi a chlog nuair a tháinig muid ar an mbaile beag sin. Chuir muintir na háite fáilte romhainn agus arnó bhí aithne acu ó anuraidh ar chuid den ngrúpa.

Baile fíor-bheag é Ffostrasol gan ann ach aon tábhairne amháin agus siopa ní dhó ach is éachtach go deo an t-eagrúchán a dhéanann an coiste leis na sluaite ollmhóra a mhealladh chuig an bhféile agus na himeachtaí uilig a riaradh chomh héifeachtach agus a rinne siad. Bhí oíche mhór cheoil san ollphobal an

chéad oíche sin. Grúpaí ceoil den chuid is mó a bhí ar stáitse ach thóg muid go réidh muid féin ag cur aithne ar dhaoine agus ag ól corrdheoch.

Bhí sé i gceist go dtabharfadh muid cuairt ar scoileanna an lá dár gcionn ach bhí sé de mhí-ádh orainn gur chlis an bus (fan belt!) ar an mbealach agus níor casadh na gasúir scoile orainn chor ar bith. Chuir seo diomá orm féin mar gur chaith mé trí lá ag teagasc an tsean-nóis do dhaoine óga i gcathair Ghlasú cúpla bliain ó shin le linn dúinn a bheith ag freastal ar an Tryste Festival agus bhain mé fíor-thaitneamh go deo as mo sheal sa seomra ranga.

Bhí an t-ollphobail lán go doras arís oíche Dé hAoine. Is dóigh go raibh suas le chúig mhíle duine i láthair ag éisteacht le lear mór grúpaí Breatnach agus Éireannach. Orthu siúd a chas ceol bhí 'Dervish' agus 'Four Men and a Dog'. Chuir mé féin an-spéis i mbuion as Soweto a thug taispeantas dá gcultúr féin agus go deimhin fuair muid deis ina dhiaidh sin dreas comhrá a bheith againn leo.

San iarnóin ar an Satharn a chuaigh an grúpa s'againne ar stáitse. Daoine óga is mó a bhí páirteach agus ba mé féin an t-aon amhránaí sean-nóis a bhí orthu. Ós ag caint ar shean-nós mé ní miste ceann dena scéilíní greannmhara a tharla a inseacht anseo.



Patrick Simmonds (An Spidéal), Micheál Deairbe Ó Fatharta (Na hAille) agus Fionnuala Ní Eidhin (An Spidéal) ag casadh ceoil ag an fhéile Cnapan sa Bhreatain Bheag.

D'iarr fear as an mbaile, duine den lucht eagraithe theacht ag a theach le haghaidh tae maidin Dé Domhnaigh agus nuair a hinsíodh dó gur ar an sean nós dúchasach a chasaim, ní raibh aon mhaith aige ann go gcasfainn stéibh. Thosaigh mé ar Chuaichín Ghleann Neifin agus ní raibh mé gaibhte i bhfad air chor ar bith nuair a d'éirigh gadhar mór dubh a bhí istigh faoin gcathaoir amach gur shuigh sé ar a leath deireadh os mo chomhair ag breathnú suas san éadan orm. Thosaigh air ansin ag ologón agus ag tafann nach raibh le déanamh agamsa ach éirí as th'eis an chéad véarsa agus pléascadh amach ag gáire i dteannta a raibh eile i láthair.

Níor ghoill an turas fada ar ais go Holyhead orainn chor ar bith mar gur fhág muid breá luath maidin Dé Domhnaigh agus thóg muid neart scítheanna ar an mbealach. Bhain mé féin an-sult go deo as na radharcanna breátha 'níos feadh an chósta.

Tá mé thar a bheith buíoch do Pléaraca a d'eagraigh an turas as ucht cuireadh a thabhairt dom. Bhí muid ag caint eadrainn féin go bhféadfaí a leithéid de fhéile a eagrú i gConamara. Tá fhios agam go mbainfí sult as ach creid uaimse é go mbeadh allas le cailleadh lena leithéid a eagrú agus go dteastódh coiste láidir misniúil.